# PHLEAN CORPARÁIDEACH

## 2010 – 2014



Comhairle Chontae Longfoirt

Longphort Uí Fhearghail

Daingean agus Dílis

FSC
100%
From well-managed forests
Cert no. TT-COC-002726
www.fsc.org
©1996 Forest Stewardship Council

PEFC
PEFC/17-33-007
PEFC Certified
This product is from sustainably managed forests and controlled sources
www.pefc.org

# CLÁR

RÁITEAS MISIN .... 2

RÉAMHRÁ .... 3

CONTAE AN LONGFOIRT – PRÓIFÍL .... 4

BAILL THOFA CHOMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT .... 6

BUN LUACHANNA .... 8

TIMPEALLACHT FHEIDHMIÚCHÁIN .... 9

CONAS A FHEIDHMÍONN AN CHOMHAIRLE .... 11

TIMPEALLACHT AGUS INFREASTRUCTÚR .... 12

TITHÍOCHT, PLEANÁIL & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA .... 19

FORBART POBAIL & EACNAMAÍOCHTA, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & CHULTÚRTHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA .... 25

AIRGEAGAS AGUS CÓRAIS EOLAIS .... 34

CUR I BHFEIDHM, MEASTÓIREACHT AGUS MONATÓIREACHT .... 36

AGUISÍN A .... 37

AGUISÍN B .... 39

## RÁITEAS MISIN

**FORBAIRT INBHUANAITHE AGUS CUR CHUN CINN CONTAE LONGFOIRT A STIÚRADH AGUS AN CAIGHDEÁN MAIREACHTÁLA A FHEABHSÚ TRÍ SHEIRBHÍSÍ ÁITIÚLA CUIMSITHEACH, DÍRITHE AR AN GCUSTAIMÉIR A SHEACHADADH GO HÉIFEACHTACH.**



# RÉAMHRÁ



Ullmhaítear Plean Corparáideach Contae Longfoirt 2010 – 2014 i dtimpeallacht le go leor éiginnteacht agus tugann sé dúshlán do gach geallsealbhóirí an ceannasaíocht agus na seirbhísí is gá a sholáthair sa slí is éifeachtaí agus is eacnamúil.
I dtimpeallacht le hacmhainní laghdaitheach idir acmhainní daonna agus airgeadais is gá na hacmhainní ganna a dhíriú ar an ngátar is mó i slí a thabharfaidh an luach ar airgead is fearr.

Leagann An Plean Corparáideach amach na tosaíochtaí do Chomhairle Chontae Longfoirt don tréimhse 5 bliana amach romhainn. Sonróidh agus soláthróidh Pleananna Feidhmiúcháin Bliantúla, gníomhaíochtaí ar leith chun na spriocanna corparáideacha a bhaint amach agus déanfar monatóireacht ghéar agus athbhreithniú orthu.

De thoradh na timpeallachta eacnamaíochta domhanda beidh gá le bunathrú mear sna seirbhísí poiblí agus níos mó solúbthacht ó na geallsealbhóirí ar fad.

Buailfidh Comhairle Chontae Longfoirt le go leor dúshláin agus iad ag freastal ar riachtanais muintir Longfoirt thar tréimhse an Phlean seo. Tá an bhainistíocht, an fhoireann agus na baill thofa tiomanta do sheirbhísí ar ard chaighdeán a sholáthair agus obair le chéile sa slí is éifeachtaí agus is éifeachtúil.




**Peggy Nolan**
*Maor*



**Tim Caffrey**
*Bainisteoir Contae*

# CONTAE LONGFOIRT – PRÓFÍL

## Toghcheantair




Is é Contae Longfoirt an dara chontae is lú in Éirinn le daonra de 34,391 (Daonáireamh 2006). Is é Longfort, baile an chontae le daonra de 7,622 (Daonáireamh 2006) agus i measc na mbailte eile tá: Gránard, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Béal Átha Liag agus An Lios Breac.

Is é 109,116 heachtár an fhairsinge iomlán agus is talamh feirme thart ar 73,764 heachtár de sin. Is é feirmeoireacht an príomh ghníomhaíocht eacnamúil ag déanamh os cionn 20% den lucht oibre go díreach agus go hindíreach i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 10%

Tá Contae Longfoirt suite i gCúige Laighean i gcroí lár na hÉireann agus tá cultúr, oidhreacht agus áiseanna nádúrtha aige. Tá abhainn na Sionainne, Loch Forbes agus Loch Rí ar theorainn an chontae san iarthar agus déanann Loch Gamhna teorainn an Oir- thuaisceart. Tá sé lonnaithe go stráitéiseach ar dhá phríomh bhóthair - an N4 ó Bhaile Átha Cliath go Sligeach agus an N5 ó Longfort go Contae Mhaigh Eo. Chomh maith leis sin, tá sé lonnaithe ar líne idirchathrach Iarrannród Éireann Tá dhá bhóthar tánaisteacha náisiúnta ag dul trasna an chontae chomh maith; an N55 ag ceangal Áth Luain le Cabhán agus an N63 ag ceangal Longfort le Béal Átha Liag, Ros Comáin agus Gaillimh.

Déanann Baile Longfoirt, an lárionad riaracháin do na rialtais áitiúla freastal ar dobharcheantar fairsing agus tá go leor páirceanna tionsclaíoch forbartha agus criosach. Tá neart fostóirí tábhachtacha sa cheantar, dhá Roinn Rialtais Díláraithe san áireamh ag fostú os cionn 500 stát seirbhísigh agus Abbott Diagnostics agus Cameron Ireland a chuireann deiseanna ar ard chaighdeán do chéimithe.

Tá Contae Longfoirt mar chuid den cheantar lártíre den réigiún TLI (Teorainn, Lártíre agus Iarthar) agus leis an stádas bronnta ag an AE d'éirigh leis infheistíochta inbhuanaithe a mhealladh le blianta beaga anuas agus beidh tionchar dearfach aige ar an eacnamaíocht áitiúil agus ar fhorbairt iomlán an Chontae.



*Ardach, Co. Longfoirt.*

# Baill Thofa Chomhairle Chontae An Longfoirt – Toghcheantair


PADDY BELTON


LARRY BANNON


MICK CAHILL





BARNEY STEELE


MARK CASEY


SEAN FARRELL


JOHN DUFFY


GERRY BRADY





LUIE MCENTIRE


MARTIN MULLEADY



THOMAS VICTORY






FRANK KILBRIDE



MICHEÁL CARRIGY



P.J. REILLY



MAE SEXTON




DENIS GLENNON



PADRAIG LOUGHREY



ALAN MITCHELL






PEGGY NOLAN



PAUL CONNELL



VICTOR KIERNAN

# Bun Luachanna

Ullmhaíodh an Plean Corparáideach seo ar bhonn cur chuige trasna an eagrais agus dréachtadh é i gcomhairle leis na baill thofa, an fhoireann bhainistíochta, an grúpa i bhfeighil beartas corparáideach, geallselbhóirí seachtracha agus foireann oibre. Tá an plean ag tógáil ar an dul chun cinn déanta thar shaolré an Plean Corparáideach deireanach 2005 – 2009 ag aithint éifeacht an staid eacnamaíochta faoi láthair agus prionsabail an clár leasaithe ginearálta ar an tseirbhís phoiblí áit a bhfuil díriú níos mó ar tháirgeacht, ar thoradh agus ar luach ar airgead.

Treorófar foireann Chomhairle Chontae Longfoirt ag na téamaí leithne agus na bun luachanna seo a leanas agus iad ag cur i bhfeidhm Plean Corparáideach 2010 – 2014:

- Forbairt inbhuanaithe Contae Longfoirt
- Luach ar airgead i dtógáil i seilbh phoiblí agus i seirbhísí a sheachadadh
- Eacnamaíocht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach.
- Acmhainní a bhainistiú chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.
- Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta
- Solúbthacht agus toilteanas athrú
- Na caighdeáin is airde iompair agus ionracais bhaill thofa agus fhoirne
- Seirbhísí a sheachadadh agus cinneadh a dhéanamh le freagracht agus trédhearcacht
- Cúram custaiméirí, béasach, neamh chlaonta agus éifeachtach
- Dul i gcomhairle agus páirtíocht leis an bpobal áitiúil.

Tiomnaíonn an Plean faoi Chúram Custaiméara dul i ngleic le custaiméirí de réir na prionsabail chúirtéise, cothromaíochta, oscailteacht agus trédhearcacht.

Déanfar pleananna feidhmiúcháin bliantúla chun aidhmeanna straitéiseacha an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm agus beidh próiseas monatóireachta agus athbhreithnithe san áireamh.

# Timpeallacht Fheidhmiúcháin

Ag breathnú ar na cuspóirí corparáideach atá sa Phlean Corparáideach is gá iad a chur i gcomhthéacs na coinníollacha eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta agus na hionchais ardaithe atá ag custaiméirí. Is dúshlán mór é do gach duine dul ar ais chuig fás inbhuanaithe. Mar aon leis sin, tá an Chomhairle faoi réir ag lánchosc an Rialtais ar fhostaíocht agus ar ardú céime agus cuireann sé seo isteach go mór ar uimhreacha foirne taobh istigh den eagraíocht. Tá sé i gcoinne an creatlach leathan seo de shrianta a bheidh cumas Comhairle Chontae Longfoirt a cuspóirí Corparáideacha ag brath, go háirithe, ar infhaighteacht airgeadas, lucht oibre agus acmhainní eile. Tá sé fíor – thábhachtach mar sin go dtógtar cuspóirí le fócas réalaíoch san áireamh mar threoir do Phlean Corparáideach.

Tógadh eolas criticiúil i bpleananna na Comhairle féin – Plean Forbartha, Straitéis Tithíochta, Straitéis Bainistíochta Dramhaíola agus Straitéis Bord Forbartha an Chontae (B FC) san áireamh agus an doiciméad seo á ullmhú. Tá liosta táscach de pleananna/straitéisí/doiciméid a bhí tógtha san áireamh leagtha amach in Aguisín B.

De bharr an cúlú eacnamaíochta tá an timpeallacht dinimiciúil ina bhfuil Comhairle Chontae Longfoirt ag obair athraithe go mór le bliain anuas agus tá sé tábhachtach agus straitéisí á dhéanamh amach sa todhchaí smaoineamh ar na fachtóirí sa timpeallacht seachtrach agus inmheánach a thabharfaidh cruth agus go mbeidh tionchar ar ghníomhaíochtaí na Comhairle.

### *Timpeallacht Seachtrach*

Téann na fachtóirí seachtracha seo a leanas i bhfeidhm ar agus bíonn tionchar acu ar an slí ina fheidhmíonn an Chomhairle:

- Timpeallacht Eacnamaíoch Náisiúnta agus Domhanda
- Reachtaíocht an Aontas Eorpaigh agus Náisiúnta
- Spleáchas ar mhaoiniú ón Rialtas agus cumas teoranta na Comhairle breis airgid a ghiniúint go háitiúil.
- An Plean Forbartha Náisiúnta; An Straitéis Spáis Náisiúnta agus Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach.
- Éifeachtaí athrú aeráide
- Athrú Sóisialta
- Athrú déimeagrafaíochta den daonra.
- Cúrsaí Cuimsithe Shóisialta agus Cothromaíochta
- Geallsealbhóirí na Comhairle, údaráis áitiúla agus stáit san áireamh.

- Ionchais ardaithe ag custaiméirí agus ag saoránaigh
- Dul chun cinn i dteicneolaíocht an eolais agus cumarsáide (TEC), saolú domhain ar-líne mar phríomh chuid den tsochaí san áireamh.

### *Suíomh Inmheánach*


Tá an liosta seo a leanas criticiúil agus cuspóirí an Plean Corparáideach á sheachadadh:

- 21 Ball a toghadh do Chomhairle Chontae Longfoirt i Meitheamh 2009 a fuair sainordú daonlathach seirbhísí a sheachadadh don phobal.
- An Coiste um Pholasaí Straitéiseach (CPS), déanta suas de Chomhairleoirí agus leasa earnála/pobail a thugann comhairle don Chomhairle ar pholasaithe ag tabhairt léargas níos leithne agus comhthéacs d'fhoirmliú polasaithe.
- Bhí cur chuige páirtíochta ag Bord Forbartha Chontae Longfoirt maidir le forbairt sóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha an chontae mar a gcuireadh síos air sna doiciméid "The Way Forward" agus "An Implementation Plan" thar an tréimhse 2002 – 2011.
- Is eochair-acmhainn an lucht oibre oilte agus tiomanta faoi thacaíocht foireann bhainistíochta, cleachtais oibre éifeachtach, traenáil cuí agus forbairt agus teicneolaíocht cumasúcháin chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.
- Cumarsáid éifeachtach
- Páirtíocht san ionad oibre ag a bhfuil an cumas feabhsúcháin a stiúradh i soláthair seirbhísí ag an am céanna ag cur timpeallacht oibre níos fearr ar fáil.
- An Clár Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí.
- Bainistíocht próisis – athbhreithniú riachtanach ar na córais inmheánacha, struchtúir agus próisis.


### Próiseas Comhairliúcháin

Forbraíodh an Plean Corparáideach le comhairle ó bhaill thofa, ón bhfoireann agus ó gheallsealbhóirí ón bpobal. Tá cur síos ar an bpróiseas comhairliúcháin in Aguisín A leis an bplean seo.

# Conas a fheidhmíonn an Chomhairle




## Struchtúr Bainistíochta



# INFREASTRUCHTÚR AGUS SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

## SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS COMHSHAOIL

**Príomh Chuspóir**
***Infreastruchtúr fiúntach uisce agus fuíolluisce a chur ar fáil agus a chothabháil ar fud Contae Longfoirt agus caomhnú timpeallachta a uasmhéadú trí fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta a spreagadh sa Chontae.***



*Scéim Soláthair Uisce Réigiún Lárnach Longfoirt céim 6*

## SEIRBHÍSÍ UISCE

Freastalaíonn an líonra soláthair uisce poiblí i gContae Longfort ar dhaonra de thart ar 25,000 duine, thart ar 85% de dhaonra iomlán an chontae chomh maith le húsáideoirí tráchtála agus eile. Tá go leor fhoinsí éagsúla uisce faoin talamh agus thar thalamh ag an gContae agus soláthraíonn sé uisce trí chúig scéim réigiúnach. San áireamh sa líonra seo tá 160 grúp scéim uisce atá mar ghéagáin leis an bpríomh-sholáthar poiblí.



*Bosca Méadar Uisce Oibriúcháin & Cothabháil*

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| An t-infreastruchtúr ólta uisce a oibriú agus a chothabháil chun a chinntiú go soláthraítear leor uisce le caighdeán cháilíochta ólta | • Na foinsí uisce ar fad a chosaint.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ag us feabhas a chur ar oiriúint maidir le Rialacháin a bhaineann le huisce ólta<br>• Córais Bainistíochta ar Fheidhmiú a fhorbairt ag na hIonaid cóireála ar fad.<br>• Caomhnú uisce a spreagadh agus ídiú uisce agus uisce gan cuntas a íoslaghdú trí clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm. |
| Cinntiú go bhfuil fuíolluisce cóirithe go dtí an caighdeán riachtanach sula siltear ar ais san uisce glactha é | • An t-infreastruchtúr fuíolluisce a oibriú agus a chothabháil chun caomhnú timpeallachta a uasmhéadú<br>• Áiseanna ceadúnais i gcóir leis na Rialacháin údarú agus monarcha a fheidhmiú i gcóir leis na coinníollacha leagtha síos sa cheadúnas.<br>• Córais Bainistíochta ar Fheidhmiú a fhorbairt ag na hIonaid cóireála ar fad. |
| Tograí nua infreastruchtúr uisce/ fuíolluisce a uasghrádú agus a chur ar fáil a dhíríonn ar chomhlíonadh ceisteanna comhshaoil agus a éascaíonn forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe. | • Clár ilbhliantúil infheistíochta maidir le Seirbhísí Uisce a chur i bhfeidhm<br>• Clár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm<br>• Plean Bainistiú Sludach a chur i bhfeidhm |

## SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA

Éilíonn bainistíocht dramhaíola agus caomhnú timpeallachta leibhéil níos airde de bhainistíocht timpeallachta chun leibhéal ceart forbartha inbhuanaithe a choimeád. Beidh sé mar phríomhdhúshlán cúrsaí timpeallachta a chur chun cinn i measc gach duine, gnó, teaghlach, feirm agus eagraíocht sa chontae.

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Um Bhainistíocht Dramhaíola don Cheantar Lártíre. | • Comhoibriú leis an earnáil phríobháideach maidir le seachaint, laghdú dramhaíola, athchúrsáil agus saothrú dramhaíola.<br>• Ionaid Tabhair Leat a sholáthar agus a sheirbhísiú.<br>• Tacaíocht a thabhairt do sholáthar áiseanna um chonláistí saoránaigh, bailiú earraí móra san áireamh.<br>• An prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' a chur i bhfeidhm. |
| Truailliú Timpeallachta a laghdú. | • Reachtaíocht agus Treoracha cuí Náisiúnta and AE maidir leis an Timpeallacht a chur i bhfeidhm.<br>• An tAcht um Bhainistíocht Dramhaíola a chur i bhfeidhm de réir Polasaí Forfheidhmiúcháin na Comhairle um Gníomhaíochtaí Dramhaíola Mídhleathacha.<br>• Caighdeán uisce dromchla agus screamhuisce a fheabhsú trí na siltí feirmeoireachta agus tionsclaíoch a rialú.<br>• Forfheidhmigh na hAchtanna um Thruailliú Uisce.<br>• An Plean um Bhainistiú Abhantrach a uchtú agus a chur i bhfeidhm.<br>• Forfheidhmigh agus uchtaigh Plean um Bhainistiú Bruscar.<br>• Reachtaíocht maidir le Substaintí Dainséaracha, Foirgnimh dhainséaracha, Suímh Thréigthe, Truailliú Aeir agus Truailliú Bruscair. |
| Tionchar na tuilte a laghdú. | • Leanúint le oibreacha feabhsúcháin ar dhraenála abhantrach agus cothabhála.<br>• Cinntiú nach mbíonn na forbairtí ar siúl sa Chontae mar chúis le tuilte. |
| Feasacht maidir leis an timpeallacht agus straitéisí oideachasúla a fhorbairt. | • An Córas Náisiúnta maidir le monatóireacht Bhruscair a chur i bhfeidhm.<br>• An Ciste Páirtíochta um an Timpeallacht agus Tionscnaimh um Bhruscair a chur chun cinn.<br>• Comhairle a chur ar fáil ar thithíocht eiceabhách agus Tionscnaimh ghnó a fhorbairt. |

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Cabhrú le Cumainn na mBailte Slachtmhara/Grúpaí Forbartha Áitiúla. | • Feasacht maidir le 'Bailte Slachtmhara' a fhorbairt trí mhaoiniú agus thacaíochtaí ón údarás áitiúil.<br>• Oibriú leis an bpobal áitiúil agus Grúpaí 'Bailte Slachtmhara' ar Thionscnaimh um Fheabhsúcháin áitiúla. |
| Straitéis a fhorbairt maidir le reiligí nua. | • Cabhrú leis an bpobal áitiúil maidir le cothabháil agus feabhsú reiligí áitiúla. |
| Feasacht Fuinnimh agus Clár Gnó Áitiúil 21 a chur chun cinn. | • Comhairle Chontae Longfoirt a fhorbairt mar Ionad Barr Feabhais do Chlár Gnó Áitiúil 21. |
| Sláinte agus leas ainmhithe a chur chun cinn agus a chosaint. | • Áiseanna ag Clós na Madraí a fheabhsú<br>• Feasacht maidir le freagrachtaí ainmhithe a mhéadú agus madraí fánacha agus gan iarraidh a rialú.<br>• Cuir chun cinn baile nua a fháil do mhadraí ó Chlós na Madraí ag baint feidhm as nasc-idirlíon www.longfordcoco.ie.<br>• An tAcht um Stiúradh Capall a chur i bhfeidhm. |
| Sláinte agus Sánbháilteacht an phobail a chur chun cinn agus plean a dhéanamh maidir le héigeandáil mhór. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean do chásanna móra éigeandála le seirbhísí éigeandála eile.<br>• Pearsanra a thraenáil agus a ullmhú chun déileáil le cásanna móra éigeandála de réir an Phlean Éigeandála Móra |




*Seoladh Leabhrán ar Dhramhaíl Feirme a Chosc.*



*Bailiú Plaistigh Feirme mar chuid de Tionscnamh Athchúrsála Plaistigh Feirme.*

## SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA POIBLÍ, SLÁNDÁIL BHIA AGUS SEIRBHÍSÍ LEASA AINMHITHE

Soláthraíonn Comhairle Chontae Longfoirt seirbhísí gníomhaireachta d'Údarás Shlándáil Bhia na hÉireann maidir le Slándáil Bhia agus Sláinte Phoiblí, cigireacht agus monatóireacht ar áitribh bhia agus ar fheidhmiúcháin bhia san áireamh.

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Comaoine Slándáil Tréidliachta Poiblí agus slándáil bhia ó ainmhithe a tairgeadh go háitiúil a chinntiú. | • Conradh leis an Údarás um Shlándáil Bhia na hÉireann a chur i bhfeidhm trí chigireacht dhian a dhéanamh ar áiseanna bia agus Feola.<br>• Comhairle a chur ar fáil más oiriúnach. |
| Sláinte agus Leas ainmhithe a chothabháil. | • Comhthadhaill leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Eagrais um Leas Ainmhithe.<br>• Rialacháin, comhairle agus oideachas a chur ar fáil. |
| Seachtháirgí ainmhithe a stiúradh. | • Diúscaradh slán seachtháirgí ainmhithe a chinntiú. |
| Sláinte Phoiblí a chosaint. | • Zónóis a rialú/ Ionfhabhtú Slándáil Phoiblí le fáil ó ainmhithe. |
| Tacú le Forbairt Inbhuanaithe trí thograí forbartha bia áitiúil. | • Comhthadhaill le heagrais forbartha réigiúnach. |



*Ath-oscailt Póna Madraí*

## SLÁNDÁIL BÓITHRE, BÓITHRE AGUS IOMPAIR

**Príomh Chuspóir**

***Cinntiú go gcabhraíonn agus go bhfeabhsaíonn polasaithe infreastruchtúrtha agus infheistíochtaí le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta Chontae Longfoirt agus go gcoimeádann agus go bhfeabhsaíonn said le tarraingteacht fisiciúil an chontae agus a thimpeallacht."***


Tá Clár na mBóithre ag brath go mór ar acmhainní cearta ón t-Údarás um Bóithre Náisiúnta (UBN) nó ón Roinn Iompair. Beidh an Chomhairle ag leanúint éifeachtaí trí dhea- chlachtais bhainistiú tograí agus bainistiú feidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ag áirithigh luach ar airgead agus aischuir éifeachtach ar airgeadas infheistíochta.

I gcomhairle leis an UBN, cuirfidh an Chomhairle pleananna i bhfeidhm le haghaidh feabhsúcháin ar Bhealaí Náisiúnta na bóithre seo a leanas san áireamh:

- Seachbhóthar N5, Longfort
- Seachbhóthar N55, Gránard
- Feabhsú bealaigh idir An Muileann gCearr agus Longfort N4 (Rúscaigh)
- Athdheisiú agus Feabhsú Bealaí Tánaisteach Náisiúnta N55 agus N63
- Athdheisiú agus Feabhsú Sráideanna Longfoirt
- Athdheisiú agus Feabhsú Sráideanna Gránard.

I gcomhairle leis an UBN agus an Roinn Iompair leanfaidh an Chomhairle an clár um Shainscéimeanna deontas, san áireamh anseo tá:

- Droichead Richmond agus Cluain Dá Ráth L01171
- Faiche Iúrach L50611-0
- Droichead Cleenrath L10421-0
- Droichead an Choirr Gharbh
- Droichead an Doire Chara L5046-0
- Droichead Gneeve L51701-0
- Tionscnaimh éagsúla Athdheisithe agus feabhsúcháin droichead.
- Forgnaí Athailíniú Bóthair R392
- Bóthar Bhaile Uí Mhatháin Béal Átha Liag R392
- Longfort go Ármhach ag Crosaire Géag R198
- An Tóchar Oileán na Naomh, Baile Nua an Chaisil LP 01140



*Droichead Cluain Dá Ráth*

Cuirfidh an Chomhairle céimeanna slándála ar phraghas íseal bhfeidhm, ceansú tráchta, ag suímh thábhachtacha, iad seo a leanas san áireamh:

- Meatheas Troim ar an N55
- Baile Longfoirt ar bhealaí isteach N5 agus N63
- Gránard ar an N55.
- Baile Uí Mhatháin N55 agus R392
- An Charraig Bhuí N55
- Lios na Muice go dtí Coillín an tSrutháin R194
- Suímh aitheanta le haghaidh ráta ard timpistí ar Bhealaí Náisiúnta

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Leanúint le pleanáil don todhchaí maidir le gach bealach náisiúnta agus neamh-náisiúnta. | • Feabhsúcháin bóthair a chur i bhfeidhm de réir polasaithe reatha an rialtais.<br>• Scéimeanna um fheabhsú bóthair a ullmhú agus a chur i bhfeidhm a íocfar as ó tháillí forbartha.<br>• Téigh isteach i socraithe chomhoibritheach Comhaontú Rannán 85 le húdarás áitiúil eile de réir mar is cui. |
| Feabhsuithe bóthair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar na caighdeáin dheartha is airde. | • Cloí go daingean le caighdeáin náisiúnta maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm.<br>• Idirghabháil le gach gníomhaire maidir le pleanáil fhorbairt bóthair. |
| Pleananna nua ilbhliantúla neamh-náisiúnta maidir le hathdheisiú bóithre agus le deisiú dromchla a ullmhú chun cur i bhfeidhm le hathbhreithniú tréimhsiúil. | • Ullmhaigh agus cur i bhfeidhm Cláir ilbhliantúil cóiriú dromchla agus athchóiriú i gcóir leis na treoirlínte náisiúnta |
| Slándáil Bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn. | • Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht le Gardaí, Boird Bhainistíochta Scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí agus an Chomhairle Náisiúnta um Shlándáil maidir le cothú na seirbhíse um Bhardaigh Shóisearacha Scoileanna. Traenáil um Shlándáil Bhóithre a sholáthair ag gach leibhéil.<br>• Cláir bealaí tráchta agus soilse poiblí ilbhliantúil a chur i bhfeidhm.<br>• Tabhair isteach lána rothar mar is cuí agus bóithre nua á thógáil agus i suíomh bóithre ann cheana féin.<br>• Feidhmigh rialacháin do fheithiclí trádála an Chomhphobal Eorpach.<br>• Comhthadhaill le pleanálaí chun caighdeán slándáil bhóithre chomhsheasmhach a chruthú sna scéimeanna tógála ar fad.<br>• Straitéis Chomhairle Chontae Longfoirt um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn. |

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí dul i gcomhairle agus tacú le pobail i dtograí tógáil bhóithre. | • Feabhsúcháin Áitiúil agus Scéimeanna Pobail a spreagadh, a éascú agus a chur i bhfeidhm.<br>• Foireann caidrimh a chur ar fáil idir na geallshealbhóirí i gCo. Longfoirt agus foireann dearthóireachta an UBN. |
| Cead isteach do gach saoránaigh a éascú, daoine faoi mhíchumais san áireamh, trí barr feabhas a bhaint amach in úsáid córas iompair phoiblí. | • Tacú le, agus monatóireacht a dhéanamh ar forbairt Áiseanna iompair phoiblí.<br>• Cead isteach do dhaoine faoi mhíchumais a chur ar fáil i ndearadh bhóthair/cosáin. |
| Leanúint ar aghaidh ag scrúdú deiseanna do Pháirtíocht Príobháideacha Poiblí (PPP) maidir le forbairt cheangal iompair. | • Tionscnaimh Bóithre a aithint a mbeifí in ann a dhéanamh trí PPP agus cur i bhfeidhm a dhéanamh trí leaganacha éagsúla den chur chuige seo i gcomhairle leis an UBN. |
| Naisc idir Longfort agus molbhailte agus bailte thairsí eile laistigh agus go seachtrach ón chontae agus ón réigiúin. | • Feabhsúcháin bhóthair a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun naisc iompair straitéiseach a fheabhsú.<br>• Fáiltiú roimh agus tacaíocht a thabhairt do infheistíocht mhór san gréasán iarnród. |
| Dul i gcomhairle le Comhairle Bhaile Longfoirt agus údaráis chomharsanachta eile chun suimeanna comónta a fheabhsú | • Seirbhísí aontaithe a sholáthair thar cheann Bhaile Longfoirt agus Comhairlí eile.<br>• Páirt gníomhach a ghlacadh sna Grúpaí Stiúrtha agus Teicniúil den UBN Oifig Dearadh Réigiúnach ag freastal ar Longfort, Liatroim agus Ros Comáin, go príomha agus Oifigí um Dearadh Bóithre eile mar is cuí. |
| Céimeanna cuí um bhainistíocht tráchta dá líonra bóthar a fhorbairt | • Pleananna um bhainistíocht tráchta do Longfort, Gránard, Baile Uí Mhatháin agus Meathas Troim a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.<br>• An clár um chomharthaí bóithre ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad a chur i bhfeidhm.<br>• Áiseanna páirceála a chur ar fáil agus a spreagadh in áiteanna mar is cuí. |

# TITHÍOCHT, PLEANÁIL & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

## TITHÍOCHT

**Príomh Chuspóir**
***Seirbhís Tithíochta fiúntach a sholáthair a chuireann cuimsiú sóisialta chun cinn agus a thugann deis do mhuintir Chontae Longfoirt a riachtanais tithíochta a shásamh i dtimpeallachta pleanáilte.***

Bíonn go leor gníomhaíochtaí ar bun ag an Roinn Polasaí Tithíochta agus Sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shaol laethúil shaoránaigh Longfoirt. Leathnaíonn na gníomhaíochtaí seo ó sholáthar scéimeanna éagsúla tithíochta sóisialta ar phraghas réasúnta go cur chun cinn agus tacú straitéisí in aghaidh bochtanais agus eisiamh shóisialta.

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Ullmhaigh agus cur i bhfeidhm clár leanúnach maidir le soláthar thithíochta sóisialta agus thithíocht ar phraghas réasúnta sa chontae. | • Éascaigh agus cuir ar fáil tithíocht fhiúntach agus le luach ar airgead tithíocht shóisialta agus thithíocht ar phraghas réasúnta.<br>• Soláthair do grúpaí imeallach ar nós seanóirí, daoine faoi mhíchumais agus tuismitheoir aonair laistigh den Chlár Tithíochta.<br>• Na buntáistí a uasmhéadú trí Straitéis Tithíochta (Cuid V) a chur i bhfeidhm. |
| Roghanna difriúla a chur chun cinn chun cabhrú le saoránaigh a riachtanais tithíochta a shásamh. | • Riachtanais fadtéarmach daoine a fhaigheann liúntas cíosa a shásamh trí Scéim um chóiríocht ar cíos a chur i bhfeidhm.<br>• Scéim Deontas i gCabhair Tithíochta do Sheanóirí agus do dhaoine le míchumais ar bhonn tosaíochta.<br>• Deontais do cheannach tithe agus atógáil a chur ar fáil. |
| Deisiúcháin Tí agus bainistiú eastáit a spreagadh i measc na tionóntaí. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmeanna cothabhála ag cinntiú luach ar airgead.<br>• Acmhainní agus na struchtúir tacaíochta cuí a chur ar fáil mar thacaíocht do rannpháirtíocht na tionóntaí i mbainistiú eastáit.<br>• Ullmhaigh agus cur i bhfeidhm straitéis do iompraíocht fhrithshóisialta. |

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| An earnáil dheonach tithíochta sa chontae a chur chun cinn agus cabhair a thabhairt di. | • Páirtíochtaí leis an earnáil dheonach a neartú chun a hionchur maidir le soláthar tithíochta ar phraghas réasúnta a ardú. |
| Cur chuige ilghníomaireachta a chur chun cinn agus a úsáid chun déileáil le heisiamh sóisialta. | • Ceangail láidre a choinneáil le páirtíochtaí áitiúla agus tionscnaimh fhorbartha eile lonnaithe sa cheantar.<br>• Clár Lóistín don Lucht Siúil 2009-2013 a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Gnímh Daoine gan Dídean 2010-2012 a chur i bhfeidhm. |




*Teachín Tuaithe, Tully*

## PLEANÁIL AGUS STIÚRADH TÓGÁLA

**Príomh Chuspóir**

***Leanúint le creatlach solúbtha a chur ar fáil le treoir agus stiúradh forbartha i gContae Longfoirt a chuiridh le fás an chontae ach ag an am céanna a chabhróidh le cosaint agus feabhas an chaighdeán timpeallachta a sholáthar.***




*Glacadh le Plean Forbartha Contae Longfoirt i 2009 agus cuirfear i bhfeidhm é go dtí 2015.*

Déanfaidh an Roinn um Stiúradh Pleanála iarracht a chinntiú go gcríochnófar, go ndearfar agus go gcuirfear i gcrích an fás ollmhór a tharla le blianta beaga anuas i slí a chuireann chun cinn agus a fheabhsaíonn forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus infreastruchtúrtha an chontae. De bharr na timpeallachta eacnamaíochta deacair ó thaobh tógála de tá sé tábhachtach go gcabhróidh an Chomhairle le críochnú na heastáit ar mhaithe leis an bpobail.

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| An córas pleanála a thabhairt suas chun dáta chun soláthar seirbhísí ar ard chaighdeán don chustaiméir a chinntiú. | • Úsáid Chórais Eolais Tíreolaíochta a chur chun cinn chun teacht ar eolas luachmhar maidir le foireann, na baill thofa agus úsáid phoiblí eolais phleanála.<br>• Leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras um riarachán pleanála, feidhmiúchán r-thráchtáil san áireamh.<br>• Cur i bhfeidhm reachtaíochta um stiúradh pleanála a neartú<br>• Leanacht ar aghaidh leis an gclár um stiúraidh, monatóireacht agus chur i bhfeidhm tógála.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar eastáit thithíochta neamhchríochnaithe agus a chríochnú a chur chun cinn agus a rialú. |
| Soláthair seirbhísí a fheabhsú. | • Éascaigh foilsiú Táscairí tomhais maidir le soláthar seirbhísí. |
| Modhanna deartha nua agus gníomhacha d'fhorbairt bhaile, shráidbhaile agus thuaithe tríd an chontae a chur chun cinn. | • Polasaithe stiúradh atá leagtha síos i bPlean Forbartha an Chontae a chur i bhfeidhm.<br>• Comhairle Phleanála a chur ar fáil i gclinicí réamhphleanála agus maidir le pleanáil sa todhchaí.<br>• Forbairt chuí stiúrtha i mbailte agus i sráidbhailte a chur chun cinn.<br>• Cinntiú go ndíreofar ar agus go ndéanfar monatóireacht ar chúrsaí a bhaineann le caomhnú timpeallachta mar is cuí.<br>• Seirbhísí pleanála aontaithe a sholáthar do Chomhairle Bhaile Longfoirt. |

## PLEANÁIL CHUN CINN

**Príomh Chuspóir**

***Seirbhís maidir le pleanáil don todhchaí a chur ar fáil a chuireann le fás na heacnamaíochta i gContae Longfoirt agus a thógann riachtanais éagsúla an phobail san áireamh fad is atá sé ag feabhsú leibhéal chaighdeán timpeallachta i mbealach inbhuanaithe.***

Tá feidhm reachtúla maidir le pleanáil don todhchaí ag Comhairle Chontae Longfoirt in ullmhúchán Phlean Forbartha sé bliana an Chontae. Is í aidhm Phlean Forbartha an Chontae deiseanna fostaíochta i dtalmhaíocht, i dtionsclaíocht agus i seirbhísí a chur chun cinn agus a sholáthar sa chaoi is go bhfanfaidh an daonra taobh istigh den chontae agus go mbeidh ardú ioncaim i gceist. Bíonn Comhairle Chontae Longfoirt gníomhach freisin i bpleanáil fhad-téarmach tríd an ról ceannaireachta atá aici i bpróiseas an Bhoird Chontae um Fhorbairt agus forbairt fhíse don chontae thar deich mbliana.

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Leanúint leis an aidhm maidir le fás cothrom agus inbhuanaithe, ag déanamh cinnte de go bhfuil páirt ag an gContae i bhfás náisiúnta agus réigiúnach. | • Na polasaithe atá leagtha síos sa Phlean Contae um Fhorbairt a chur i bhfeidhm.<br>• Plean Forbartha an Chontae a chomhordú le Plean Forbartha Chomhairle Bhaile Longfoirt agus Straitéis an Bhoird Fhorbartha an Chontae.<br>• Leanúint ar aghaidh leis an sceideal maidir le pleanáil don todhchaí, forbairt Pleananna do Cheantair Áitiúla agus Ráitis Pholasaithe Sráidbhaile do na suímh ainmnithe san áireamh de réir mar a ligeann na hacmhainní. |
| Leanúint ar aghaidh leis an aidhm maidir le forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe trí fhorbairt chéimeanna cuí maidir le fás agus leathnú earnálacha tráchtála, oifige, tionsclaíocht, talmhaíochta agus turasóireachta | • Cabhraigh le agus spreag soláthraithe infreastuchtúrtha maidir le feabhsú líonra.<br>• Cabhrú le cur i gcrích córais ríomhaireachta a thabharfaidh rochtain d'eolas tagartha go tíreolaíochta don phobal.<br>• Oibriú le gach earnáil den chomhairle le cinntiú go bhfuil cumas creathlaigh infreastruchtúrtha ag teacht le riachtanais forbartha. |
| Ionad straitéiseach Longfoirt sa réigiún Lártíre a chur chun cinn | • Rannpháirtíocht a spreagadh sa chóras maidir le pleanáil don todhchaí agus i stiúradh pleanála i measc an phobail agus ghrúpaí a bhaineann leis an earnáil phleanála.<br>• Dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla chomharsanachta i gcomhthéacs phleanáil réigiúnaigh agus cúrsaí eile a mbíonn tionchar acu ar údaráis chomharsanachta. |

## SLÁNDÁIL POIBLÍ – DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA LONGFOIRT

***Cuireann Comhairle Chontae Longfoirt seirbhís dhóiteáin agus tharrthála ar fáil agus tá cúig Aonad den Bhriogáid Dóiteáin ann le stáisiúin dóiteáin i mBaile Uí Mhatháin, i Meathas Troim, i nGránard, i mBéal Átha Liag agus Longfort.***

| Straitéisí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Briogáid Dóiteáin a choinneáil a bheidh in ann frithghníomhú go tapaigh agus go héifeachtach i gcásanna éigeandála. | • Breathnaigh ar, uchtaigh agus cur i bhfeidhm an Plean Feidhmiúcháin na Seirbhíse Dóiteáin 2010 – 2014.<br>• Cumas maidir le múchadh tine agus tarrtháil a fhorbairt agus a chothabháil. |
| Trealamh agus traenáil a sholáthar a thagann le riachtanais Aonaid Bhriogáid Dóiteáin áitiúil. | • Traenáil leanúnach a chur ar fáil do phearsanra na seirbhíse dóiteáin.<br>• Trealamh dóiteáin i stáisiúin a thabhairt suas chun dáta. |
